# Eitiltí Ailse

Eochairfhocail: conradh oibleagáide seirbhíse poiblí, ailse, galair thromchúiseacha, athnuachan, othair, paisinéirí, próiseas tairisceana

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cé mhéad duine i nDún na nGall atá ag brath ar na heitiltí seo chun cóir leighis a fháil i mBaile Átha Cliath?
2. Cad is ainm don aerfort i nDún na nGall?
3. Cad atá ag tarlú ag deireadh na míosa seo?
4. Cén fáth a bhfuil imní ar othair agus ar phaisinéirí faoi athnuachan an chonartha?
5. Cad é an rud nach bhfuil praiticiúil dar le Máire Uí Chomhaill?
6. Cad atá tosaithe ar líne le cúpla lá anuas?
7. Cad iad na rudaí éagsúla atá in easnamh ar Dhún na nGall, dar le Máire?
8. Cad atá á lorg ag Eitiltí agus Seirbhísí Ailse Dhún na nGall leis an Aire Iompair?
9. Cén Teachta Dála a d’ardaigh ceist faoin tseirbhís seo sa Dáil?
10. Cad a deir an Roinn Iompair atá fós sa tsúil faoi láthair?




## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Roghnaigh an téarma ceart

**Ag obair le do pháirtí ranga, féachaigí ar an bhfíseán arís agus déanaigí iarracht teacht ar an téarma ceart thíos.**

1. Tá aerfort bheag/beag/beaga i nDún na nGall.
2. Tá go leor daoine ag brath/ag braith/ag brah ar an aerfort seo le dul go Baile Átha Cliath chun cóir leighis a fháil.
3. Bíonn dá eitilt/dhá eitilt/dhá heitilt ó aerfort Dhún na nGall go Baile Átha Cliath ar bhonn laethúil.
4. Tá imní ar ndhaoine/daoine/dhaoine sa chontae go dtiocfaidh laghdú ar na heitiltí sin go luath.
5. Tá an-chuid daoine den tuairim nach bhfuil an t-infreastruchtúr ginearálta i nDún na nGall thar moladh bheirte/ thar mholadh beirte/ thar moladh beirte.
6. Tá Teachtaí Dála an contae/ na gcontae/ an chontae ag tacú le hachainí Eitiltí agus Seirbhísí Ailse Dhún na nGall.
7. Ní raibh aon chruinniú ag an aire iompair/ tAire Iompar/Aire Iompair leis an ngrúpa Eitiltí agus Seirbhísí Ailse Dhún na nGall go fóill.
8. Caithfidh daoine áirithe i nDún na nGall a bhfuil galair tromchúiseacha/galair thromchúiseacha/galair tromchúiseach orthu dul go Baile Átha Cliath chun an chóir leighis ceart a fháil.
9. Tá muintir Dhún na nGall ag iarraidh an seirbhís/an tseirbhís/an seirbhísí a choinneáil mar atá.
10. Déanfear/Deinfear/Déanfar cinneadh go luath maidir le todhchaí na seirbhíse ríthábhachtaí seo.



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta: Ríomhphost



**Scríobh ríomhphost chuig an Aire Iompair ag impí air an tseirbhís a choinneáil mar atá. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 100 focal a scríobh don ríomhphost.**

- A Aire, a chara,
- impímid ort
- seirbhís ríthábhachtach
- gan deireadh a chur léi
- ag brath go mór ar
- an bealach is tapúla go Baile Átha Cliath
- do dhícheall a dhéanamh
- i gcruachás
- in am an ghátair
- Is muidne le meas,

## Freagraí

1. 500
2. Aerfort Charraig Fhinn
3. Tá an conradh oibleagáide seirbhíse poiblí don tseirbhís seo le hathnuachan
4. Na heitiltí ag imeacht róluath ar maidin agus seans go bhfaighfear réidh leis an eitilt a imíonn ag am lóin
5. Dá dtiocfadh othar go dtí an t-aerfort ar maidin bheadh seans ann go mbeadh orthu fanacht san aerfort go dtí a 7 sa tráthnóna
6. Achainí leis an sceideal a choinneáil mar atá
7. Na bealaí móra/ na bóithre móra, líne traenach agus an t-infreastruchtúr go ginearálta
8. Cruinniú práinneach
9. Piaras Ó Dochartaigh
10. An próiseas tairisceana do chonradh oibleagáide seirbhíse poiblí úr

1. Tá aerfort beag i nDún na nGall.
2. Tá go leor daoine ag brath ar an aerfort seo le dul go Baile Átha Cliath chun cóir leighis a fháil.
3. Bíonn dá dhá eitiltó aerfort Dhún na nGall go Baile Átha Cliath ar bhonn laethúil.
4. Tá imní ar dhaoine sa chontae go dtiocfaidh laghdú ar na heitiltí sin go luath.
5. Tá an-chuid daoine den tuairim nach bhfuil an t-infreastruchtúr ginearálta i nDún na nGall thar mholadh beirte
6. Tá Teachtaí Dála an chontae ag tacú le hachainí Eitiltí agus Seirbhísí Ailse Dhún na nGall.
7. Ní raibh aon chruinniú ag an Aire Iompair leis an ngrúpa Eitiltí agus Seirbhísí Ailse Dhún na nGall go fóill.
8. Caithfidh daoine áirithe i nDún na nGall a bhfuil galair tgalair thromchúiseacha orthu dul go Baile Átha Cliath chun an chóir leighis ceart a fháil.
9. Tá muintir Dhún na nGall ag iarraidh an tseirbhís a choinneáil mar atá.
10. Déanfear cinneadh go luath maidir le todhchaí na seirbhíse ríthábhachtaí seo.